Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Márta 2018
(OR. en)

6670/18
ADD 1 REV 1 (ga)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0350 (COD)**

CODEC 289
EF 60
ECOFIN 193
SURE 13

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2016/97 maidir le dáta chur i bhfeidhm bhearta trasuí na mBallstát **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Meabhraíonn an Coimisiún, faoin gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016, gur chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, d’fhonn reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm go tapa agus i gceart sna Ballstáit, go mbeadh an teorainn ama chun treoracha a thrasuí chomh gearr agus ab'fhéidir agus, go hiondúil, nach rachadh na teorainneacha ama sin thar dhá bhliain.

I bhfianaise na teorann ama sonraí a leagadh síos le haghaidh chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/97 agus chur i bhfeidhm na Rialachán Tarmligthe arna nglacadh faoin Treoir seo, a d’fhág go raibh deacrachtaí ag cuideachtaí árachais beaga agus meánmhéide agus ag dáileoirí árachais ó thaobh chur chun feidhme na n-athruithe is gá in am don dáta cur i bhfeidhm, an 23 Feabhra 2017, thíolaic an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, togra chun Treoir (AE) 2016/97 a leasú chun an dáta cur i bhfeidhm a chur siar go dtí an 1 Deireadh Fómhair.

D'aontaigh na comhreachtóirí freisin dáta trasuí Threoir (AE) 2016/97 a chur siar go dtí an 1 Iúil 2018. Measann an Coimisiún nár cheart a bhaint de thuiscint as an méid sin go bhfuil fasach á leagan síos, ar an ábhar go gcaithfear a áirithiú go gcaitear go cothrom le gach Ballstát, ach tugann sé dá haire nach mbeidh sé ina bhac, ar bhonn eisceachtúil, ar an gcomhaontú sin. Tá an Coimisiún ag súil go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí maidir le bearta náisiúnta trasuí a thabhairt i bhfeidhm faoin dáta sin, ar a dhéanaí, chun go mbeidh a ndóthain ama ag na cuideachtaí árachais agus ag na dáileoirí árachais a mbearta ullmhúcháin agus oiriúnúcháin a thabhairt chun críche agus láneolas acu ar na creataí reachtacha Eorpacha agus náisiúnta.